# CINNTÍ

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1198 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Meitheamh 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála rescEU**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 4246)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ("an Sásra Aontais") [1], agus go háirithe Airteagal 32(1), pointe (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, bunaítear rescEU mar chuid den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ("an Sásra Aontais"). Leasaíodh é le déanaí [2] chun an Sásra Aontais a neartú chun na teorainneacha a shárú nuair a dhéanann éigeandáil chasta trasearnála difear do roinnt Ballstát san aon am amháin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ón gCoimisiún [3], leagtar amach comhdhéanamh tosaigh rescEU i dtéarmaí acmhainneachtaí agus ceanglais cháilíochta. Is é atá i gcúlchiste rescEU faoi láthair acmhainneachtaí aerchomhraic na ndóiteán foraoise, acmhainneachtaí aslonnaithe aerleighis, acmhainneachtaí foirne éigeandála leighis, acmhainneachtaí i réimse na dteagmhas ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach, tearmann, iompar agus lóistíocht chomh maith le hacmhainneachtaí saotharlainne soghluaiste agus acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, na hacmhainneachtaí ba cheart a bheith ag rescEU, tá siad le sainiú agus rioscaí sainaitheanta agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, acmhainneachtaí agus bearnaí foriomlána ar leibhéal an Aontais á gcur san áireamh.

(4) Le hanailís ar rioscaí sainaitheanta agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hanailís ar acmhainneachtaí agus ar bhearnaí ar leibhéal an Aontais, léirítear go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cosanta sibhialta trí acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála a sholáthar chun iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as ganntanais chumhachta a mhaolú, ar ganntanais iad a d'fhéadfadh a bheith de thionscnaimh éagsúla, bíodh sin de thionscnamh nádúrtha nó de dhéanamh an duine.

(5) Go háirithe, léirítear arís leis an staid san Úcráin leochaileacht an bhonneagair chriticiúil a bhaineann le fuinneamh. Ó fhíorthosach an chogaidh fhoghaigh, shainaithin an Úcráin gur riachtanas bunúsach i réimsí go leor iad soláthar fuinnimh éigeandála i bhfoirm breosla, gineadóirí, trealaimh agus páirteanna spártha. Anuas air sin, ghníomhachtaigh an Mholdóiv an Sásra Aontais agus shainaithin sí ítimí soláthair fuinnimh éigeandála i bhfoirm breosla, gineadóirí agus páirteanna spártha.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 924.

[2] Rialachán (AE) 2021/836 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 185, 26.5.2021, lch. 1).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí rescEU agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE ón gCoimisiún (IO L 99, 10.4.2019, lch. 41).

(6) Faoi láthair, níl aon acmhainneacht i réimse an tsoláthair fuinnimh éigeandála atá réamhgheallta ag na Ballstáit leis an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta. Mar thoradh air sin agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, ba cheart soláthar fuinnimh éigeandála a bheith mar chuid d'acmhainneachtaí rescEU dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570.

(7) Ba cheart na hacmhainneachtaí sin a bhunú chun freagairt do rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach a bhfuil tionchar mór acu, i gcomhréir leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3d, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570.

(8) Is é an príomhchúram ba cheart a bheith ar acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála rescEU cumhacht chúltaca éigeandála a sholáthar ar an toirt nuair a theipeann ar an bpríomhfhoinse chumhachta nó má thiteann an voltas go leibhéal neamhleor nó má thagann borradh faoi a chuireann faoi deara éaradh seirbhíse. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na hacmhainneachtaí sin: gineadóirí cúltaca, ceallraí, trealamh saothraithe fuinnimh, trealamh nascachta agus sioncrónaithe, breosla, cineálacha eile gairis agus seirbhísí gaolmhara.

(9) Leis an gcúnamh beartaithe, ní mór na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach leis na bearta sriantacha ([4]) arna nglacadh de bhun Airteagal 215 CFAE a chomhlíonadh.

(10) Dá bhrí sin ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an t-ochtú fleasc seo a leanas leis:

"- acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála.";

(b) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(m) acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

"*Airteagal 3a*

**Costais incháilithe maidir le hacmhainneachtaí rescEU i ndáil le haslonnú aerleighis, foireann leighis éigeandála chineál 2 agus 3, stoc-charnadh leighis, dí-éilliúchán CBRN, stoc-charnadh CBRN, dídean sealadach, iompar, lóistíocht, acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN, acmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste agus acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála**

Déanfar gach catagóir costais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE a chur san áireamh agus costas iomlán incháilithe acmhainneachtaí rescEU á ríomh.";

(3) in Airteagal 3e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

"3. déanfar acmhainneachtaí rescEU dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (c) go (m), a bhunú leis an gcuspóir rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach a bhfuil tionchar mór acu a bhainistiú.

4. I gcás ina n-imscarfar acmhainneachtaí rescEU dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (c) go (m), faoin Sásra Aontais, cumhdófar 100 % de na costais oibríochtúla le cúnamh airgeadais ón Aontas, de bhun Airteagal 23(4b), an dara fomhír, de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.";

(4) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([4]) www.sanctionsmap.eu. Tugtar faoi deara gur uirlis TF an léarscáil smachtbhannaí chun na córais smachtbhannaí a shainaithint. Eascraíonn foinse na smachtbhannaí as gníomhartha dlíthiúla a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO). I gcás neamhréireachta is ag an Iris Oifigiúil atá an forlámhas.

*Airteagal 2*

**Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Janez LENARČIČ
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570, cuirtear isteach an Roinn 13 seo a leanas:

"13. **Acmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála**

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cumhacht chúltaca éigeandála a sholáthar.<br>Foireann a sholáthar chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a láimhseáil, a chóimeáil/a dhíchóimeáil, a shuiteáil/a dhíshuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun nuair is gá. I gcás ina mbeidh aistriú ann, an pearsanra ábhartha (áitiúil agus/nó idirnáisiúnta) a oiliúint sula dtarraingeofar foireann as an acmhainneacht. |
| Acmhainneachtaí | Aonaid soláthair fuinnimh éigeandála chun fuinneamh éigeandála a ghiniúint agus/nó a sholáthar ar an láthair, i gcomhar le córais eile más gá, amhail ceallraí nó córais ghrianphainéil atá in ann cumhacht a sholáthar ar feadh mí amháin ar a laghad. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Gineadóirí cumhachta de mhéideanna éagsúla chun gur féidir solúbthacht agus inscálaitheacht a bheith ann.<br>Córais leordhóthanacha nascachta, sioncrónaithe, faireacháin agus aistrithe cumhachta chun gur féidir an acmhainneacht a nascadh leis na saoráidí a ndéantar difear dóibh agus chun gur féidir rialú comhthreomhar a dhéanamh ar aonaid freisin.<br>Líon leordhóthanach páirteanna spártha agus tomhaltán eile le haghaidh fheidhmiú na hacmhainneachta, amhail ceallraí, trealamh saothraithe fuinnimh, trealamh nascachta agus sioncrónaithe, breosla, cineálacha eile gairis agus seirbhísí gaolmhara.<br>Nósanna imeachta leordhóthanacha chun soláthar breosla éigeandála a áirithiú le haghaidh feidhmiú na hacmhainneachta.<br>Nósanna imeachta leordhóthanacha chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a iompar, a láimhseáil, a chóimeáil/a dhíchóimeáil, a shuiteáil/a dhíshuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun.<br>Trealamh soilsiúcháin le haghaidh soilsiú éigeandála an limistéir a ndéantar difear dó chomh maith le córais cosanta tintrí.<br>Saoráidí stórála leordhóthanacha.<br>Pearsanra agus sócmhainní arna n-oiliúint go hiomchuí chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a láimhseáil, a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(3), pointe (a), de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE. ([1]) |
| Imscaradh | A bheith in ann an fhoireann theicniúil agus na comhpháirteanna in-imscartha a imscaradh 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis glacadh leis an tairiscint. |

([1]) Tá neamhthuilleamaíocht le ráthú ar a laghad le linn na chéad 96 uair an chloig den imscaradh, lena n-áirítear trí bhíthin saoráidí leordhóthanacha agus trealamh leordhóthanach chun breosla a stóráil ar an láthair."